2025/120

24.1.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/120 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Eanáir 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/73 ón gCoimisiún ([2]), d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') ('na bearta bunaidh'). Idir 10,3 % agus 70,1 % atá sna dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair. An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, gairfear 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta dó.

(2) Tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gcás T-242/19, rinneadh na dleachtanna frithdhumpála a fhorchur arís a mhéid a bhaineann le Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd, an 17 Márta 2023 le Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/609 ón gCoimisiún ([3]). An dleacht a forchuireadh arís, socraíodh ag 9,9 % í.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún ([4]), d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Idir 3,9 % agus 17,2 % atá sna dleachtanna frithchúitimh atá i bhfeidhm faoi láthair.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(4) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú ([5]), fuair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(5) Is é Cumann Monaróirí Rothar na hEorpa ('an t-iarratasóir') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú ('an iarraidh') isteach an 16 Deireadh Fómhair 2023 thar ceann thionscal rothar leictreach an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh bunaithe ar an bhforas gur dócha, ar dhul in éag na mbeart, go leanfar den dumpáil agus go ndéanfar an díobháil do thionscal an Aontais an athuair.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear dleacht chinntitheach frithdhumpála agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 16, 18.1.2019, lch. 108, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/73/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/609 ón gCoimisiún an 17 Márta 2023 lena n-ath-fhorchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a mhéid a bhaineann le Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gcás T-242/19 (IO L 80, 20.3.2023, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/609/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/72 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 16, 18.1.2019, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/72/oj).

([5]) IO C 154, 2.5.2023, lch. 46.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(6) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 17 Eanáir 2024 maidir le hallmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann') isteach san Aontas ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([6]) ('an fógra tionscnaimh').

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(7) An t-imscrúdú chun a fháil amach an leanfar den dumpáil nó an ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar na treochtaí atá ábhartha chun a mheas ar dhócha go leanfaí den díobháil nó go ndéanfaí an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(8) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, táirgeoirí aitheanta sa tSín mar aon le húdaráis na Síne, allmhaireoirí agus úsáideoirí aitheanta, chomh maith le comhlachais, ar fios iad a bheith bainteach, ar an eolas faoi thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

1.6. **Sampláil**

(10) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.6.1. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(11) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn an mhéid táirgeachta. Is é a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais. Bhí 23,4 % de tháirgeacht iomlán an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúlacha i leith an tsampla shealadaigh. Measadh gur shampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é.

1.6.2. *Allmhaireoirí a shampláil*

(12) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(13) Níor fhreagair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhoirm samplála. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh.

([6]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2024/802, 17.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/802/oj).

1.6.3. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a shampláil*

(14) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir aitheanta sa tSín an fhaisnéis a sonraíodh san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(15) Níor thug ach dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin ón tSín freagra samplála agus measadh nach raibh gá le sampláil dá bhrí sin. Thairis sin, bhí níos lú ná 0,1 % de thionscal rothar leictreach na Síne ag an dá chuideachta sin le chéile ó thaobh (i) onnmhairí chuig an Aontais, (ii) allmhairí chuig gach ceann scríbe onnmhairiúcháin eile, (iii) díolacháin intíre agus, (iv) acmhainneacht táirgeachta de chuid na Síne i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach féidir a mheas go raibh an dá chuideachta sin ionadaíoch ó thaobh thionscal rothar leictreach na Síne de chun críoch imscrúdú an athbhreithnithe éaga.

(16) Dá réir sin, ba é conclúid an Choimisiúin nár leor an comhar ó tháirgeoirí rothar leictreach sa tSín chun torthaí ionadaíocha a bhaint amach agus chuir sé in iúl don dá chuideachta go raibh sé beartaithe aige Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus a thorthaí maidir le leanúint nó atarlú na dumpála agus na díobhála i ndáil le hallmhairí ón tSín a bhunú ar an fíorais a bhí ar fáil.

(17) I ngeall air sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Síne le Nóta Briathartha an 12 Feabhra 2024 go bhféadfadh sé úsáid a bhaint as na fíorais a bhí ar fáil faoi Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán le linn dó scrúdú a dhéanamh i dtaobh leanúint nó atarlú na dumpála. Níor fhreagair údaráis na Síne an Nóta Briathartha.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir**

(18) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(19) Chuir an Coimisiún in iúl don dá chuideachta a chuir freagra samplála isteach nach bhféadfaí a mheas go raibh siad ionadaíoch ó thaobh thionscal rothar leictreacha na Síne de ar an iomlán agus nach raibh an fhaisnéis a bhain go sonrach leo mar chuideachtaí oiriúnach chun bunús a thabhairt le torthaí ionadaíocha maidir leis na hallmhairí uile ón tSín chuig an Aontas. D'iarr an Coimisiún ar an dá chuideachta dul i dteagmháil le seirbhísí an Choimisiún dá mbeadh sé beartaithe acu freagra ceistneora a líonadh isteach mar sin féin. Tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú, cuireadh cóip de na ceistneoirí ar fáil sa chomhad le haghaidh imscrúdú ag na páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála.

(20) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne aon táirgeoir (onnmhairiúcháin) de chuid na Síne.

1.8. **Fíorúchán**

(21) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go ndéanfar an athuair iad agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— Cube Bikes, an Ghearmáin

— Accell Hunland, an Ungáir

— Cross, an Bhulgáir.

1.9. **Nós imeachta ina dhiaidh sin**

(22) An 25 Deireadh Fómhair 2024, nocht an Coimisiún na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe na dleachtanna frithdhumpála atá ann cheana a choinneáil ar bun. Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(23) Chuir roinnt páirtithe leasmhara barúlacha isteach, agus bhreithnigh an Coimisiún iad agus pléitear iad i ranna 2.3 agus 7 thíos. Ceadaíodh éisteacht do pháirtí amháin a d'iarr a leithéid.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi athbhreithniú

(24) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge san imscrúdú bunaidh, is é sin rothair, a bhfuil troitheáin chuidithe agus mótar cúnta leictreach orthu, atá faoi láthair faoi chóid AC 8711 60 10 agus ex 8711 60 90 (cód TARIC 8711 60 90 10) ('an táirge faoi athbhreithniú').

2.2. An táirge lena mbaineann

(25) Is ionann an táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo agus an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2.3. An táirge comhchosúil

(26) Mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, deimhníodh leis an athbhreithniú éaga seo gurb iad na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan; agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(27) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

(28) Tar éis an nochta chríochnaithigh, d'áitigh páirtí amháin gur cheart don Choimisiún a shonrú nár cheart a mheas gur táirge lena mbaineann iad na páirteanna a d'allmhairigh na hallmhaireoirí díolmhaithe agus/nó a allmhairíodh ó na honnmhaireoirí eachtracha díolmhaithe faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme 2024/1279 ón gCoimisiún ([7]). Dar leis an bpáirtí sin, páirteanna den táirge lena mbaineann atá le húsáid don táirge lena mbaineann, ba cheart a shoiléiriú nach bhfuil na páirteanna sin faoi réir dleachtanna frithdhumpála má allmhairítear ar leithligh iad.

(29) Mheas an Coimisiún nach raibh údar leis an soiléiriú sin ós rud é nach gcumhdaítear páirteanna leis na bearta atá faoi réir an athbhreithnithe seo. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

3. DUMPÁIL

3.1. Réamhbharúlacha

(30) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, lean allmhairí rothar leictreach ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar aghaidh, cé go raibh na hallmhairí ar leibhéil ní b'ísle ná mar a bhí i dtréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh (i.e. ón 1 Deireadh Fómhair 2016 go 30 Meán Fómhair 2017). De réir shonraí Eurostat, bhí thart ar 4,4 % de mhargadh an Aontais ag allmhairí rothar leictreach ón tSín i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 35 % den sciar den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. I ndearbhthéarmaí, tháinig laghdú ar mhéid na n-allmhairí ón tSín ó 699 658 bpíosa sa tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh go 220 914 phíosa i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1279 ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2024 maidir le díolúintí ón dleacht frithdhumpála leathnaithe ar pháirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Rialacháin (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún (IO L, 2024/1279, 21.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1279/oj).

(31) Mar a luaitear i roinn 1.6.3, ní raibh aon chomhar ó na honnmhaireoirí/táirgeoirí ón tSín san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí i dtaca leanúint nó atarlú na dumpála agus na díobhála. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha maidir leis sin.

(32) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go ndéanfar an athuair í bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe an fhaisnéis a cuireadh isteach leis an iarraidh ar athbhreithniú éaga, agus an fhaisnéis a fuarthas ó pháirtithe comhoibríocha le linn imscrúdú an athbhreithnithe (mar atá, an t-iarratasóir agus táirgeoirí sampláilte an Aontais).

3.2. An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le haghaidh allmhairí rothar leictreach de thionscnamh an Síne

(33) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú a léirigh ar an iomlán, maidir leis an tSín, gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(34) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(35) I bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go raibh an Tuirc roghnaithe aige go sealadach mar thír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun Rialachán chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(36) An 18 Iúil 2024, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta a ghabh leis an gcomhad ('an nóta a ghabhann leis an gcomhad') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurbh í an Tuirc an tír ionadaíoch. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh rothar leictreach. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go suífeadh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus brabúis bunaithe ar ráitis airgeadais chomhiomlánaithe ó Staitisticí maidir le Cuntais Cuideachtaí ([8]) le haghaidh 206 chuideachta bhrabúsacha atá gníomhach san Aicmiú Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha, dá ngairtear NACE i gcoitinne, catagóir 30.9 'monarú trealaimh iompair nach n-aicmítear in áit ar bith eile'. Na sonraí faoi na táirgeoirí sa tír ionadaíoch, is é Banc Ceannais na Tuirce agus Institiúid Staidrimh na Tuirce a chuireann le chéile iad. Iarradh ar na páirtithe barúlacha a thabhairt agus fuarthas barúlacha ón iarratasóir a cuireadh san áireamh, mar a shonraítear in aithris (67).

3.3. An Gnáthluach

(37) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '*[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir.*'

([8]) Staitisticí maidir le Cuntais Cuideachtaí, le fáil ag https://www3.tcmb.gov.tr/sektor/#/en.

(38) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'más rud é go gcinntear […]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa'* agus *'[á] ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús* ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais riaracháin, díola agus ghinearálta').

(39) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí sa tSín, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(40) Amhábhair lárnacha iad cruach agus alúmanam i dtionscal na rothar leictreach. Go bunúsach, is as na hábhair sin a dhéantar gach mórchuid rothair go hiomlán nó i bpáirt. Is as cruach nó alúmanam a dhéantar frámaí, gabhail agus hanlaí rothar de ghnáth. Is as cruach a dhéantar rothaí agus slabhraí spóca, aistreoirí slabhra, giaranna agus cáblaí agus iompróirí. Is as miotal nó plaisteach (i.e. táirgí ó thionscal na gceimiceán) a dhéantar pludghardaí agus troitheáin. Luadh san iarraidh an saobhadh suntasach a fuair an Coimisiún Eorpach i dtionscal cruach agus alúmanaim na Síne in imscrúduithe a rinneadh le déanaí ar allmhairí ón tSín amhail ceanglóirí cruach, feadáin agus píobáin tháite de chruach, túir ghaoithe chruach, cruach dhosmálta theorollta ([9]); scragall tiontaire alúmanaim, easbhrúnna alúmanaim, táirgí cothromrollta alúmanaim, scrogall alúmanaim, agus rothaí bóthair alúmanaim ([10]). De réir na hiarrata, fianaise shoiléir atá sna torthaí leanúnacha a fhaightear arís agus arís eile sna cásanna seo ar shaobhadh sistéamach ar chostais agus praghsanna cruach agus alúmanaim sa tSín de réir Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(41) Mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil cruach agus alúmanaim sa tSín, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú reatha lena fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín, i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá san iarraidh agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála ([11]) ('an Tuarascáil'), chomh maith lena leagan atá cothrom le dáta ('an Tuarascáil

([9]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 36, 17.2.2022; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de phíopaí táite agus d'fheadáin tháite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad, IO L 132, 19.4.2021; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí túr gaoithe cruach áirithe ar scála fóntais de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 450, 16.12.2021; agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí túr gaoithe cruach áirithe ar scála fóntais de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 450, 16.12.2021.

([10]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 216, 18.6.2021; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2170 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragaill tiontairí alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 438, 8.12.2021; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1428 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí easbhrúnna alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 336, 13.10.2020; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/546 ón gCoimisiún an 29 Márta 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí d'easbhrúnna alúmanaim ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, IO L 109, 30.3.2021; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 124, 12.4.2021; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 359, 11.10.2021; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/402 ón gCoimisiún an 9 Márta 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 83, 10.3.2022; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/112 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rotha bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 18, 19.1.2023. Féach freisin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1012 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/671, IO L 181, 18.7.2018.

([11]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD (2017) 483 final/2, 20. 12. 2017, le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2017)483&lang=en.

nuashonraithe') ([12]), a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear earnáil an táirge faoi athbhreithniú. Rinne an Coimisiún na heilimintí fianaiseacha sin a fhorlíonadh a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín, rud a fuarthas in imscrúduithe eile a rinne sé ina leith sin roimhe seo.

(42) Rinneadh an líomhain san iarraidh go mbíonn tionchar forleathan ag idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas ar gheilleagar na Síne ina iomláine agus go ndéanann na hidirghabhálacha sin difear dó ar bhonn forleathan, agus nach féidir leas a bhaint as praghsanna agus costais intíre thionscal rothar leictreach na Síne san imscrúdú seo i bhfianaise an mhéid sin. Go háirithe, luadh san iarraidh gur saintréith de thionscal rothar leictreach na Síne é ardleibhéal úinéireachta stáit, tionchar stáit agus/nó fóirdheontas stáit agus go bhfuil dlúthnaisc ag roinnt táirgeoirí rothar leictreach le Rialtas na Síne, le rialtais réigiúnacha nó áitiúla, go díreach nó trí chomhlachais. Chun tacú le seasamh an iarratasóra, bhí tagairt san iarraidh don Tuarascáil, do reachtaíocht na Síne, do thuarascálacha breise, agus d'fhianaise starógach chomh maith maidir le saobhadh a cuireadh chun feidhme le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(43) Mar a luaitear in aithris (40) thuas, luadh san iarraidh na himscrúdaithe a rinneadh le déanaí inar shuigh an Coimisiún gur ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([13]). Níos sonraí fós, áitíodh san iarraidh gurb é a threoraíonn geilleagar na Síne, lena n-áirítear earnáil na rothar leictreach agus na rothar, córas pleanála ilchasta lena socraítear tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na cuspóirí nach mór don rialtas láir agus do na rialtais áitiúla díriú orthu. Tríd beartais sin déantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir. Luadh san iarraidh freisin gurb é is toradh ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha atá tábhachtach ar shlí eile ó thaobh na polaitíochta de, in ionad na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh. Ina theannta sin, luadh san iarraidh go bhfuil saobhadh á dhéanamh ar na costais a bhaineann le formhór na dtosca táirgeachta, nó iad uile, a bhaineann le táirgeadh rothar leictreach Síneach, lena n-áirítear cruach agus alúmanam le haghaidh páirteanna rothar, leictreachas, talamh agus costais saothair.

(44) Soláthraíodh samplaí san iarraidh de ghnéithe a léirigh gur ann do shaobhadh, mar a liostaítear sa chéad dais go dtí an séú dais d'Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Suíodh san iarraidh freisin go meastar gur príomhthionscail/tionscail straitéiseacha iad tionscal na rothar leictreach agus a pháirteanna (mar atá ceallraí, inneall, aonaid rialaithe agus comhpháirteanna miotail éadroim), a bhfuil a bhforbairt á saothrú go gníomhach ag Rialtas na Síne mar chuspóir beartais. Go háirithe, áitíodh san iarraidh go bhfuil tionscal rothar agus rothar leictreach na Síne á chur chun cinn go mór ag Rialtas na Síne, le hionstraimí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla amhail an 14ú Plean Ginearálta 5 Bliana ([14]); an fógra *Made in China 2025* ([15]); Catalóg na dTionscal a Spreagtar le haghaidh Infheistíocht Eachtrach i Réigiún Láir agus Iarthar na Síne ([16]) (Leagan 2020) agus an Chatalóg Threorach maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch ([17]) (ceallraí agus ábhar éadrom). Luadh roinnt cúigí san iarraidh freisin, ina measc e.g. Tianjin, Hebei, Jiangsu, Zhejiang, Shandong agus Guangdong, a chuir tionscal na rothar agus/nó na bhfeithiclí leictreacha san áireamh ina bpleananna réigiúnacha.

([12]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD (2024) 91 final, atá le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=en.

([13]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún, aithris (80); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún, aithris 208; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún, aithris 59; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún, aithrisí 67-74; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 149-150.

([14]) An 14ú Plean Cúig Bliana ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus féachaint chun tosaigh i dtreo 2035 https://www.gov.cn/xinwen/2021-03/13/content_5592681.htm (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([15]) Le fáil ag https://www.gov.cn/zhengce/content/2015-05/19/content_9784.htm (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([16]) Le fáil (ó leathanach 29 ar aghaidh) ag https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2020-12/28/5574265/files/b145a6631698460e8777d1ab4581ef1f.pdf (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([17]) Le fáil ag https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/t20231229_1362999.html (arna rochtain ag 29 Lúnasa 2024).

(45) Mar chonclúid, ba é seasamh na hiarrata nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais, lena n-áirítear costais amhábhar, fuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ar an mbonn sin, de réir na hiarrata, níl sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin.

(46) Níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad faoi láthair, lena n-áirítear an Tuarascáil (nuashonraithe) agus an fhianaise bhreise a sholáthair an t-iarratasóir, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist.

(47) Dheimhnigh imscrúdú an Choimisiúin an maíomh atá san iarraidh go measann Rialtas na Síne i gcónaí gur príomhthionscal é tionscal na rothar leictreach. Deimhnítear é sin san iliomad pleananna, treoracha agus doiciméid eile a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach agus atá dírithe ar thionscal na rothar a chur chun cinn go ginearálta le béim ar leith ar thionscal na rothar leictreach.

(48) Luaitear go sonrach sa 14ú Plean Ginearálta Cúig Bliana gur tionscal spreagtha é tionscal rothar leictreach na Síne. Ina theannta sin, liostaíodh gur tionscal spreagtha é tionscal na rothar leictreach i gcatalóga éagsúla a ghlac Rialtas na Síne, amhail na cinn a luaitear in aithris (44) thuas.

(49) Thairis sin, d'eisigh Rialtas na Síne agus rialtais réigiúnacha pleananna earnáilsonracha agus cláir thacaíochta do thionscal na rothar freisin. Mar shampla, i dTuairim Threorach 2022 maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail éadroim, MIIT 2022/68 ([18]), cuirtear faisnéis shonrach ar fáil maidir le tionscadail T&F príomhtheicneolaíochta ina luaitear tras-seoladh rothair agus teicneolaíocht sábháilteachta maidir le ceallraí ian litiam ardéifeachtúla. Cuimsíonn sé freisin faisnéis maidir le huasghrádú a dhéanamh ar mhonarú na dtáirgí nuálacha a bhaineann le rothair amhail rothair infhillte ardfheidhmíochta easbhóthair agus fadraoin chomh maith le rothair chliste. Coinníollacha Caighdeánacha um Thionscal na Rothar Leictreach 2024 ([19]) agus an Fógra Caighdeánach maidir le Tionscal na Rothar Leictreach arna bhfógairt ag an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise (MIIT) ([20]) de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne, an Riarachán Stáit um Rialáil Margaidh agus an Biúró Náisiúnta Dóiteáin agus Tarrthála, fógraíodh iad chun forbairt thionscal na rothar leictreach a chur chun cinn agus luadh san fhógra *'gur cheart d'fhiontair táirgthe nua agus do thionscadail nua agus leathnaithe a bheith i gcomhréir le forálacha na mbeart tionscail náisiúnta. Ba cheart d'fhiontair nuálaíocht theicneolaíoch a neartú, cáilíocht táirgí a fheabhsú, claochlú ardleibhéil, cliste agus glas a spreagadh agus na línte táirgthe atá ann cheana a uasghrádú, mar aon le laghdú a dhéanamh ar thionscadail thógála nach mbíonn de thoradh orthu ach an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú. Réigiúin a spreagadh le coinníollacha chun dianfhorbairt pháircbhunaithe thionscal na rothar leictreach a chur chun cinn'. Ina theannta sin, áiríodh san fhógra faisnéis maidir le maoirseacht agus bainistiú thionscal na rothar leictreach, agus luadh an méid seo a leanas: 'Déanfaidh comhlachais tionscail fiontair a eagrú chun féinsmacht an tionscail a neartú, fiontair a threorú chun dul i mbun gníomhaíochtaí táirgthe agus gnó i gcomhréir leis an dlí, agus cuidiú leis an roinn inniúil tionscail ó thaobh na coinníollacha caighdeánacha sin a chur chun feidhme agus maoirseacht leantach a dhéanamh orthu'.*

([18]) Tuairim Threorach 2022 maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail éadroim, le fáil ag https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-06/19/content_5696665.htm (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([19]) Féach freisin an t-alt a cuireadh suas ar shuíomh gréasáin MOFCOM dar dáta an 12.6.2024, *'Leathnaíonn rothair leictreacha na Síne margadh "Crios Amháin, Bóthar Amháin" go gníomhach'* atá le fáil ag http://tradeinservices.mofcom.gov.cn/article/ydyl/sedly/qtfw/202406/164502.html.

([20]) Coinníollacha Caighdeánacha um Thionscal na Rothar Leictreach 2024 agus Fógra Caighdeánach um Bhearta Bainistíochta Thionscal na Rothar Leictreach (MIIT) atá le fáil ag http://www.hunan.gov.cn/zqt/zcsd/202405/t20240509_33296376.html (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

(50) Is féidir cuspóirí tionscadail eile maidir le rothair leictreacha a fheiceáil i ndoiciméid phleanála na gcúigí amhail Shandong ([21]), Hebei ([22]), Tianjin ([23]), Jinghai, agus Jiansgu ([24]). Is é Cúige Jiangsu an príomhchúige le haghaidh táirgeacht rothar leictreach sa tSín, agus is ann a dhéantar 20 % de tháirgeacht rothar leictreach na tíre ([25]). Tá páirc thionsclaíoch ardteicneolaíochta aige ar a dtugtar Crios Forbartha Eacnamaíochta agus Teicneolaíochta Tianjin Ziya arb é an ceantar is mó a tháirgeann rothair go ginearálta agus rothair leictreacha go háirithe ([26]), agus fuair sé an teideal 'Príomhchathair Rothar agus Rothar Leictreach na Síne', ar theideal é a bhronn grúpa saineolaithe Chomhlachas Tionscail Éadroim na Síne agus Comhlachas Rothar na Síne air ([27]).

(51) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, léirigh an t-imscrúdú go bhfuil Comhlachas Rothar na Síne (CBA) faoi rialú Pháirtí Cumannach na Síne mar a bhunaítear in airteagail an Chomhlachais ([28]). Go háirithe, le hAirteagal 21 de CBA bunaíodh comhdhéanamh an Bhoird Stiúrthóirí agus na coinníollacha nach mór dóibh a chomhlíonadh, lena n-áirítear '*tacú le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí a chur chun feidhme go coinsiasach, cloí le dlíthe agus rialacháin, cloí le heitic shóisialta agus ghairmiúil, agus ardcháilíocht pholaitiúil agus gairmiúlacht a bheith acu*'. Thairis sin, áirítear in Airteagal 4 de Chomhlachas Rothar Jiangsu ([29]) '*I gcomhréir le forálacha Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, bunóidh an comhlachas sin eagrú Pháirtí Cumannach na Síne, déanfaidh sé gníomhaíochtaí páirtí agus soláthróidh sé na coinníollacha is gá le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí*', agus in Airteagal 5 de '*Is é Roinn Gnóthaí Sibhialta Chúige Jiangsu údarás clárúcháin an chomhlachais sin. Glacann an comhlachas seo le treoir ghnó, maoirseacht agus bainistíocht na Roinne Gnóthaí Sibhialta i gCúige Jiangsu agus ranna ábhartha eile*'.

(52) Maidir le príomhtháirgeoirí na rothar leictreach, fuarthas amach san imscrúdú freisin go bhfuil Fushida ina bhall den CBA, agus gur rúnaí Brainse Páirtí é a Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ([30]). Is cuideachta é Shanghai Phoenix atá 24,36 % faoi úinéireacht an stáit ([31]) agus is Rúnaí ar Choiste Páirtí é an Cathaoirleach ó mhí Eanáir 2023. Is Fiontar faoi Úinéireacht Stáit é Flying Pigeon atá i seilbh Tianjin Bohai Light Industry Investment Group, Grúpa Fiontar faoi Úinéireacht Stáit faoi SASAC ([32]). Maidir le cuideachta phríobháideach Zhonglu co. a oibríonn branda Shanghai Forever, tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil Cathaoirleach na cuideachta ina leas-rúnaí ar an gCoiste Páirtí ([33]).

([21]) Bearta bainistíochta Shandong 2022 is infheidhme maidir le rothair leictreacha, atá le fáil ag https://www.gov.cn/zhengce/2022-03/18/content_5714921.htm (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([22]) Hebei, an 14ú Plean Cúig Bliana le haghaidh fhorbairt ardcháilíochta an tionscail monaraíochta atá le fáil ag http://www.xiongan.gov.cn/2022-02/16/c_1211574110.htm (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([23]) Tianjin, an 14ú Plean Cúig Bliana le haghaidh fhorbairt ardcháilíochta an tionscail monaraíochta atá le fáil ag https://www.tjjn.gov.cn/zwgk/zcwj/qjwj/QZF/QZBF/202111/t20211115_5702971.html (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([24]) Jiangsu, Fógra maidir leis an bplean cur chun feidhme chun athnuachan trealaimh a chur chun cinn i réimse tionsclaíoch 2024, atá le fáil ag https://gxt.jiangsu.gov.cn/art/2024/5/31/art_6278_11260100.html (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([25]) Féach an t-alt preasa dar dáta an 21.11.2023 atá ar fáil ag https://bg.qianzhan.com/trends/detail/506/231121-9d0c8395.html (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([26]) Tá an t-alt preasa maidir le braisle rothar Tianjin Jinghai dar dáta an 11.12.2023, '*Rothair, rothair leictreacha; Cén fáth a dtugtar "an phríomhchathair"ar Jingha? Slabhra tionsclaíoch lán-timthriall cruthaithe ag Dúiche Jinghai chun gur féidir "an fhorbairt mhór" a spreagadh le "rothaí beaga"*'), le fáil ag https://www.sohu.com/a/743048182_121443915 (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([27]) Tá an t-alt preasa maidir le Páirc Tionscail Jinghai dar dáta an 4.7.2024, '*Tá brainse róbat mhonarcha Tianjin AIMA Technology ag obair*' le fáil ag https://m.yunnan.cn/system/2024/07/04/033128530.shtml (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([28]) Airteagal 3 de CBA atá le fáil ag http://www.china-bicycle.com/information/?cid=33 (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([29]) Féach http://www.jsbeva.cn/?xhzc/ (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([30]) Féach https://www.tjdl.gov.cn/dongtai/jddt/202206/t20220622_5913121.html (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([31]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2023 leathanaigh 9, 28 agus 65 atá le fáil ag http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2024/2024-4/2024-04-27/10118847.PDF (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([32]) Féach https://www.flyingpigeon1936.com/index.html (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([33]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2023 leathanach 22 atá le fáil ag http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2024/2024-4/2024-04-18/9985123.PDF (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

(53) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil an táirge faoi athbhreithniú lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Sainaithníodh san imscrúdú tuilleadh doiciméad a léiríonn go dtairbhíonn an tionscal de threoir agus d'idirghabháil rialtais in earnáil na rothar leictreach. Thairis sin, áiríodh tionscal na rothar i gCeantar Jinghai ar liosta na mbraislí tionscail saintréitheacha d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide in 2023, arna fhógairt ag an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise (féach aithris (49) thuas) ([34]).

(54) Níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha a léirigh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil na rothar leictreach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Mar shampla, deimhníodh san imscrúdú gur bhain Shanghai Phoenix tairbhe as fóirdheontais rialtais in 2022 agus 2023 mar a shonraítear ina Thuarascáil Bhliantúil 2023 ([35]). Tá Zhonglu co, a oibríonn branda Shanghai Forever, tar éis leas a bhaint as fóirdheontais rialtais freisin mar a shonraítear ina Thuarascáil Bhliantúil 2023 ([36]).

(55) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil roinnt ionchur ag teastáil chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh (féach aithris (40) thuas freisin). Nuair a cheannaíonn táirgeoirí rothair leictreacha na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go bhfuil na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna arna lua roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(56) Dá bhrí sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre na rothar leictreach a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, faightear na hidirghabhálacha ón rialtas a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

(57) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear iontu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais comhair ó Rialtas na Síne, ba é conclúid an Choimisiúin nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a shuí go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a phléitear sa roinn seo a leanas.

([34]) Tá an t-alt preasa maidir le Páirc Tionscail Jinghai dar dáta an 4.7.2024, *'Tá brainse róbat mhonarcha Tianjin AIMA Technology ag obair'* le fáil ag https://m.yunnan.cn/system/2024/07/04/033128530.shtml. (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([35]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2023 leathanach 165 atá le fáil ag http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2024/2024-4/2024-04-27/10118847.PDF (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

([36]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2023 leathanach 116 atá le fáil ag http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2024/2024-4/2024-04-18/9985123.PDF (arna rochtain an 29 Lúnasa 2024).

3.3.2. *Tír ionadaíoch*

3.3.2.1. Barúlacha ginearálta

(58) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta *per capita* atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([37]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin ([38]);

— gur ann do shonraí poiblí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch;

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áit a thabhairt, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(59) Mar a mhínítear in aithris (36), d'eisigh an Coimisiún nóta a ghabh leis an gcomhad maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a shuí an 18 Iúil 2024. Sa nóta sin sonraíodh na fíorais agus an fhianaise ba bhun leis na critéir ábhartha, cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Tuirc a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(60) I gcomhréir leis na critéir a liostaítear faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, shainaithin an Coimisiún an Tuirc mar thír a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche aici atá cosúil leis an tSín. Aicmíonn an Banc Domhanda an Tuirc mar thír 'ard-mheánioncaim' ar bhonn ollioncam náisiúnta. Thairis sin, sainaithníodh an Tuirc mar thír ina bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh agus ina raibh na sonraí ábhartha ar fáil go héasca.

(61) Ar deireadh, tar éis a shuí, ar bhonn na ngnéithe uile thuas, gur thír ionadaíoch iomchuí í an Tuirc, agus gan aon tír ionadaíoch iomchuí eile a bheith á moladh ag aon cheann de na páirtithe leasmhara, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus an chomhshaoil i gcomhréir leis an abairt deiridh d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.3.2.2. Conclúid

(62) In éagmais comhair, mar a moladh san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus ós rud é gur chomhlíon an Tuirc na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún an Tuirc mar an tír ionadaíoch iomchuí.

3.3.3. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(63) Sa nóta maidir le foinsí ábhartha le húsáid chun an gnáthluach a chinneadh, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann táirgeoirí de chuid an Aontais agus na Tuirce i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú, bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga, a tugadh cothrom le dáta go cuí i gcás ina raibh faisnéis ní ba chruinne ar fáil. Luaigh an Coimisiún freisin, d'fhonn an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) (a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ('GTA') ([39]) chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le roinnt de na dtosca táirgeachta, go sonrach na hamhábhair is tábhachtaí. Ina theannta sin, dhearbhaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé faisnéis ó Institiúid Staidrimh na Tuirce ([40]) chun costais neamhshaofa saothair agus fuinnimh a shuí.

(64) Chuir an Coimisiún in iúl freisin, chun méideanna réasúnta le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus le haghaidh brabúis a shuí, go n-úsáidfeadh sé na sonraí airgeadais ó Staitisticí na gCuntas Cuideachta le haghaidh 206 chuideachta a bhí gníomhach i gcatagóir NACE 30.9, mar a leagtar amach in aithris (36).

([37]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.
([38]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar táirgeadh táirge in aicme agus/nó in earnáil ghinearálta chéanna an táirge faoi athbhreithniú a bhreithniú.
([39]) http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm.
([40]) https://www.tuik.gov.tr/Home/Index.

(65) Chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin nach raibh i roinnt tosca táirgeachta (péint, fochóta agus fearas leictreach EPAC) ach sciar beag de chostais iomlána na n-amhábhar/na gcomhpháirteanna i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (níos lú ná 1 % de chostais iomlána na n-amhábhar/comhpháirteanna le chéile). Dá bhrí sin chaith an Coimisiún leis na tosca táirgeachta eile sin mar 'tomhaltáin' agus rinne na tomhaltáin sin a shloinneadh mar chéatadán de chostas iomlán na n-amhábhar.

(66) Ina theannta sin, chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Shuigh an Coimisiún an cóimheas idir forchostais mhonaraíochta agus costais dhíreacha na monaraíochta, bunaithe ar fhaisnéis shonrach ó tháirgeoirí an Aontais agus a gcuideachtaí comhlachaithe, arna soláthar ag an iarratasóir. ([41])

(67) I bhfianaise bharúlacha an iarratasóra ar an nóta a ghabhann leis an gcomhad, rinne an Coimisiún dhá athrú ar liosta na dtosca táirgeachta mar a leanas. Ar an gcéad dul síos, ceartaíodh earráid chléireachais áit ar cuireadh an fhaisnéis maidir leis an mótar leictreach le haghaidh rothar in ionad na faisnéise a bhaineann le ceallraí de thaisme. Ar an dara dul síos, i gcás ceithre thoisc táirgeachta (tacair chromáin, troitheáin, mol cúil agus mol tosaigh), cuireadh cóid tráchtearraí níos cruinne a bhaineann go díreach leis na páirteanna a bhí i gceist in ionad na gcód tráchtearraí a úsáidtear sa nóta. Léiríodh na hathruithe sin i dTábla 1.

3.4. **Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa**

3.4.1. *Tosca táirgeachta*

(68) I bhfianaise na faisnéise uile a bhí bunaithe ar an iarraidh agus na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach ina dhiaidh sin agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta rothar leictreach

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Luach neamhshaofa (CNY)	Aonad tomhais	Foinse na faisnéise
Amhábhair				
Cuibheoirí (páirteanna leictreacha)	39235090	55,13	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Cuibheoirí (eile)	39235090, 87149990	1,61	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Ceallra	85076	1 487,88	Píosa	Global Trade Atlas
Cás ceallra	39235090	54,78	Cileagram	Global Trade Atlas
Cloigín	871499	3,64	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Coscán	87149420	282,49	Cileagram	Global Trade Atlas
Sreang inmheánach coscáin	8714 99	2,83	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Luamhán coscáin	87149490	14,24	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Grúpa cábla	-	3,73	Méadar	Iarraidh ar athbhreithniú
Slabhra	73151110, 73151900	32,53	Méadar	Iarraidh ar athbhreithniú

([41]) Rinne an t-iarratasóir measachán coimeádach gur 1 % de chostas monaraíochta iomlán rothair leictrigh a bhí sna forchostais (cíosanna, tomhaltáin agus eile). Féach Iarscríbhinní 40.0 agus 40.1 den iarraidh ar athbhreithniú, atá le fáil in Tron.tdi t24.000754.

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Luach neamhshaofa (CNY)	Aonad tomhais	Foinse na faisnéise
Cumhdach slabhra	871499900019	36,29	Tacar	Iarraidh ar athbhreithniú
Coinneálaí cumhdaigh slabhra	87149990	3,83	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Páirt chónaisc	871499	0,56	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Tacar cromáin	87149630	120,22	Cileagram	Global Trade Atlas
Aistreog	490890	511,63	Cileagram	Global Trade Atlas
Páirteanna do rothar leictreach	871499	1,38	Méadar	Iarraidh ar athbhreithniú
Cábla leictreach	871499	51,00	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Mótar leictreach le haghaidh rothair	8501310090	1 162,33	Píosa	Global Trade Atlas
Gabhal	87149130	626,86	Píosa	Global Trade Atlas
Fráma	871491100019	1 485,75	Píosa	Global Trade Atlas
Gabhálais fráma	871499900019,	5,47	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Mol tosaigh	871493	185,46	Cileagram	Global Trade Atlas
Greamán	87149990	11,03	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Hanla	87149910	28,65	Píosa	Global Trade Atlas
Cos hanla	87149990	37,13	Cileagram	Global Trade Atlas
Ceannsolas	871499	115,77	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Brac ceannsolais	871499	14,59	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Feiste tosaigh	87149190	59,39	Cileagram	Global Trade Atlas
Comhbhrúiteoir feiste tosaigh	87149190	3,83	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Feadán inmheánach	401320	5,96	Píosa	Global Trade Atlas
Cicsheastán	871499	32,47	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Pludgharda	87149990	56,85	Tacar	Iarraidh ar athbhreithniú
Páirteanna do phludgharda	87149990	15,68	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Comhpháirteanna de mhol giair	87149990	15,85	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Siní spóca	87149990	5,67	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Cásáil sheachtrach	-	5,13	Méadar	Iarraidh ar athbhreithniú
Troitheán	87149610	42,23	Péire	Global Trade Atlas
Iompróir cúil	87149930	97,30	Píosa	Global Trade Atlas

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Luach neamhshaofa (CNY)	Aonad tomhais	Foinse na faisnéise
Aistreoir slabhra cúil	87149950	168,27	Cileagram	Global Trade Atlas
Mol cúil	871493	185,46	Cileagram	Global Trade Atlas
Sproicéad cúil	871493	185,46	Cileagram	Global Trade Atlas
Fonsa rotha	87149210	85,76	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Téip fonsa	8714999	1,23	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Rótar	871499	43,32	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Diallait	871495	81,05	Cileagram	Global Trade Atlas
Clampa suíocháin	87149990	37,13	Cileagram	Global Trade Atlas
Cuaille suíocháin	87149990	37,13	Cileagram	Global Trade Atlas
Aistritheoir	87149990	37,13	Cileagram	Global Trade Atlas
Luasmhéadar	871499	364,85	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Spóca	87149990	37,13	Cileagram	Global Trade Atlas
Cosantóir spóca	87149990	3,83	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Lasc	39235090	54,78	Cileagram	Global Trade Atlas
Cúlsolas	871499	12,92	Píosa	Iarraidh ar athbhreithniú
Bonn	401150	22,52	Píosa	Global Trade Atlas
Saothar				
Saothar	Neamhbhaint-each	50,90	Uaireanta an chloig	Institiúid Staidrimh na Tuirce ([1])
Fuinneamh				
Leictreachas	Neamhbhaint-each	0,892	kWh	Institiúid Staidrimh na Tuirce ([1])
Gás	Neamhbhaint-each	4,112	kWh	Institiúid Staidrimh na Tuirce ([1])

([1]) https://data.tuik.gov.tr/Kategori/GetKategori?p=Istihdam%2c-Issizlik-ve-Ucret-108.

3.4.1.1. Amhábhair

(69) Tá próisis táirgthe rothar leictreach mórán mar a chéile ar fud an domhain, agus níl aon difríocht shuntasach idir na próisis táirgthe nó na hábhair ionchuir a úsáidtear sa tSín, san Aontas ná i dtíortha eile.

(70) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ([42]) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach

([42]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha maidir le hallmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithris (57) thuas nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí ón tSín chuig an tír ionadaíoch a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós.

(71) Níor aimsigh an Coimisiún cainníochtaí suntasacha d'allmhairí eile as foinsí saofa eile.

(72) I gcás roinnt tosca táirgeachta, sholáthair na sonraí staidrimh ó GTA praghsanna in aghaidh an tona / an chileagraim, agus sloinneadh na luachanna tomhaltais i dtáirgeadh rothair leictrigh i bpíosaí (nó in aonaid eile amhail méadair). Bhain sé sin leis na tosca táirgeachta seo a leanas: lasca, coscáin, tacair chromáin, aistreoirí slabhra cúil, sproicéid chúil, aistritheoirí, moil thosaigh, mol cúil, spócaí, moil chúil, aistreoga, feistí tosaigh, troitheáin, diallait, clampaí suíocháin, agus cuaillí suíocháin. I gcás na bhfachtóirí coinbhéartúcháin atá le húsáid le haghaidh na dtosca táirgeachta sin, bhí an Coimisiún ag brath ar na mínithe agus ar an bhfianaise thacaíochta a sholáthair na hiarratasóirí san iarraidh. ([43]) Is éard a bhí san fhianaise sin faisnéis ó shuíomhanna gréasáin speisialaithe ([44]) agus ríomhanna meáchain na n-iarratasóirí féin in aghaidh na hítime. ([45])

(73) I gcás roinnt de na tosca táirgeachta, bhí sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána sa tréimhse imscrúdúcháin i gceist leis na costais iarbhír arna dtabhú ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáideadh do na tosca táirgeachta sin ar na ríomhanna maidir leis an gcorrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin mar a mhínítear in aithris (65).

(74) I bhfianaise na heaspa comhoibriú agus in éagmais eilimintí eile ar comhad, bunaithe ar na sonraí a chuir an t-iarratasóir ar fáil, shuigh an Coimisiún gur 1 % a bhí i gcóimheas na dtomhaltán le costais iomlána an amhábhair / na gcomhpháirteanna. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ansin maidir le costas athríofa na n-amhábhar/na gcomhpháirteanna agus na praghsanna neamhshaofa suite á n-úsáid.

(75) Ba cheart na costais iompair intíre chur leis na praghsanna allmhairiúcháin sin freisin de ghnáth. Dá bhrí sin, agus an easpa comhair á cur san áireamh, mar aon leis an gcineál imscrúdaithe atá i gceist leis an athbhreithniú éaga seo ina ndírítear ar a chinneadh ar leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó an bhféadfadh sí tarlú arís, seachas ar mhéid beacht na dumpála a fháil amach, chinn an Coimisiún nach raibh gá le coigeartuithe maidir le hiompar intíre. Ní bheadh de thoradh ar choigeartuithe den sórt sin ach méadú ar an ngnáthluach, rud a fhágann go méadófaí an corrlach dumpála freisin.

3.4.1.2. Saothar

(76) Foilsíonn Institiúid Staidrimh na Tuirce faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha difriúla den gheilleagar sa Tuirc. D'úsáid an Coimisiún an staidreamh is déanaí a bhí ar fáil (2022) le haghaidh meánchostas saothair in Earnáil NACE 30 lena n-áirítear costais saothair i monarú rothar leictreach ([46]). Na meánchostais saothair in aghaidh na huaire a fuarthas dá réir sin, rinneadh iad a choigeartú a thuilleadh trí úsáid a bhaint as an innéacs costais saothair ([47]) chun na costais do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a léiriú.

([43]) Féach Iarscríbhinn 40.2 den iarraidh, atá le fáil in Tron.tdi t24.000754 agus a soláthraíodh freisin mar iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta ar an gcomhad maidir leis na foinsí a úsáideadh chun an gnáthluach a chinneadh (Tron.tdi t24.006125).

([44]) https://cyclingbeginner.com/which-bike-part-is-the-heaviest-20-parts-ranked/ agus https://www.bikeraceinfo.com/tech/wheel-building-03-spokes.html.

([45]) Rinneadh na ríomhanna sin trí ítim áirithe (e.g. mol cúil) a chur ar scála digiteach agus an meáchan iomlán sna staitisticí allmhairiúcháin don ítim sin a roinnt ar an meáchan in aghaidh an phíosa.

([46]) https://data.tuik.gov.tr/ (arna rochtain go deireanach an 6 Meán Fómhair 2024).

([47]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Labour-Input-Indices-Quarter-I:-January-March,-2024-53682 (arna rochtain go deireanach an 6 Meán Fómhair 2024).

3.4.1.3. Leictreachas

(77) Chun an praghas tagarmhairc le haghaidh leictreachais a shuí, d'úsáid an Coimisiún praghsanna mar a tuairiscíodh sna táblaí taraife leictreachais bunaithe ar bhillí leictreachais a d'fhoilsigh Údarás Rialála Mhargadh Fuinnimh na Tuirce ina phreaseisiúintí rialta. ([48]) D'úsáid an Coimisiún na sonraí a bhaineann leis na praghsanna leictreachais tionsclaíocha in Kuruş/kWh don earnáil tionsclaíochta le haghaidh 2023, a raibh 0,892 CNY/kWh i gceist leo.

3.4.1.4. Gás nádúrtha

(78) Chun an praghas tagarmhairc le haghaidh gáis a shuí, d'úsáid an Coimisiún praghas an gháis d'úsáideoirí tionsclaíocha sa Tuirc mar a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce ([49]) é ina preaseisiúintí rialta don dara seimeastar de 2021 agus don chéad seimeastar de 2022. D'úsáid an Coimisiún sonraí na bpraghsanna gáis sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in Kuruş/m³ arna gcoigeartú go cuí de réir an bhoilscithe trí úsáid a bhaint as an Innéacs Praghsanna Táirgeoirí ([50]) arna fhoilsiú ag Institiúid Staidrimh na Tuirce chun oiriúnú do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2023), as ar tháinig praghas 4,112 CNY/m3. Coigeartaíodh an praghas de réir CBL 18 %, toisc go raibh CBL san áireamh sa phraghas luaite.

3.4.1.5. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímheas

(79) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(80) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a shuí agus ós rud é go bhfuil comhar ó tháirgeoirí na rothar leictreach in easnamh, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir, shuigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta le hiomlán na gcostas monaraíochta agus saothair. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ansin ar luach neamhshaofa na gcostas monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil.

(81) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabúis, bhí an Coimisiún ag brath ar na sonraí airgeadais is déanaí dá raibh ar fáil le haghaidh 206 chuideachta de chuid na Tuirce a bhí gníomhach i gcatagóir NACE 30.9, mar a leagtar amach in aithris (36). Mheas an Coimisiún an méid le haghaidh costais SGA agus brabúis a suíodh amhlaidh a bheith réasúnta de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a), le haghaidh an leibhéil trádála díreach ón monarcha ar ar ríomhadh an gnáthluach.

3.4.2. *Ríomh an ghnáthluacha*

(82) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(83) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais comhair ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú ([51]), arna fíorú ar an láthair ag ceann amháin de na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, ar úsáid gach toisce (ábhar, fuinneamh agus saothar) chun rothair leictreacha a tháirgeadh. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch, an Tuirc.

([48]) EMRA | Energy Market Regulatory Authority (epdk.gov.tr) (arna rochtain go deireanach an 6 Meán Fómhair 2024).
([49]) http://www.turkstat.gov.tr (arna rochtain go deireanach an 6 Meán Fómhair 2024).
([50]) http://www.turkstat.gov.tr (arna rochtain go deireanach an 6 Meán Fómhair 2024).
([51]) Tugadh na sonraí ábhartha cothrom le dáta le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus fíoraíodh ar an láthair iad ag ceann de na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(84) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, na costais SGA agus an brabús leis mar a luaitear in aithrisí (79)-(80). Socraíodh na forchostais mhonaraíochta bunaithe ar shonraí a chuir an t-iarratasóir ar fáil. Socraíodh na costais SGA agus an brabús bunaithe ar mheán na luachanna a tuairiscíodh le haghaidh na 206 chuideachta Thurcacha a bhí gníomhach i gcatagóir NACE 30.9 le haghaidh 2022 ([52]). Chuir an Coimisiún na hítimí seo a leanas le costais neamhshaofa na monaraíochta:

— Is éard a bhí sna forchostais mhonaraíochta san iomlán 1 % de chostais dhíreacha na monaraíochta,

— Costais SGA agus costais eile, arbh é a bhí iontu 5,76 % de Chostais na nEarraí a Díoladh, agus

— 7,37 % de chostas na n-earraí a díoladh ('COGS') a bhí sna brabúis, agus cuireadh iad le costais iomlána neamhshaofa na monaraíochta.

(85) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.5. **An praghas onnmhairiúcháin**

(86) In éagmais comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín, cinneadh an praghas onnmhairiúcháin bunaithe ar shonraí CAL (Eurostat) arna gceartú de réir leibhéal an phraghais díreach ón monarcha. Dá bhrí sin, rinneadh praghas CAL a laghdú de réir an chostais lasta (mara) agus árachais, agus de réir an chostais iompair intíre. Bhí costais iompair intíre na Síne agus costais iompair idirnáisiúnta bunaithe ar fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú.

3.6. **Comparáid**

(87) Chuir an Coimisiún an gnáthluach ríofa a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán i gcomparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha mar a shuitear thuas. Ós rud é gur suíodh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin araon ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha, ní raibh gá le haon choigeartú.

3.7. **Corrlach dumpála**

(88) Ar an mbonn sin, fuarthas gur corrlach nach beag a bhí sa mheánchorrlach dumpála. Is é an chonclúid ar thángthas uirthi dá bhrí sin gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4. **AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL**

(89) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gur ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, lena mheas an dócha go leanfar den dumpáil má théann na bearta in éag. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, an gaol idir praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas agus tarraingteacht mhargadh an Aontais. Meabhraítear go raibh an anailís bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, mar gheall ar neamh-chomhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus ó Rialtas na Síne, go háirithe an iarraidh ar athbhreithniú, staitisticí GTA agus faisnéis eile a bhí ar fáil.

4.1. **An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín**

(90) In éagmais comhair ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, bhunaigh an Coimisiún a thorthaí maidir leis an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir ina iarraidh ar athbhreithniú.

([52]) Staitisticí maidir le Cuntais Cuideachtaí, le fáil ag https://www3.tcmb.gov.tr/sektor/#/en(arna rochtain go deireanach an 6 Meán Fómhair 2024).

(91) Léirigh an t-imscrúdú go raibh ró-acmhainneacht ghinearálta ann in earnáil na rothar leictreach sa tSín le linn na réimse faoi bhreathnú. Ó thaobh na hacmhainneachta táirgeachta ([53])de sa tSín le linn na tréimhse sin, measadh gur 130 milliún píosa in aghaidh na bliana a bhí i gceist léi. Ina theannta sin, is féidir táirgeadh rothar caighdeánach na Síne a aistriú go héasca chuig táirgeadh rothar leictreach, rud a bhféadfadh acmhainneacht iomlán os cionn 400 milliún píosa a bheith i gceist leis. ([54]) De réir fhaisnéis an iarratasóra faoin margadh, 57 milliún píosa in aghaidh na bliana i a bhí i dtáirgeacht agus díolacháin iarbhír rothair leictreacha na Síne, rud a léirigh acmhainneacht bhreise mheasta 73 mhilliún píosa in aghaidh na bliana le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. ([55]) An acmhainneacht bhreise sin, ar 15 oiread níos mó í ná tomhaltas iomlán an Aontais le linn na tréimhse céanna, d'fhéadfaí í a atreorú chuig an Aontas dá scoirfeadh na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair d'fheidhm a bheith acu.

(92) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh acmhainneachtaí móra breise ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, a d'fhéadfaí a úsáid chun cainníochtaí móra a onnmhairiú chuig an Aontas ar phraghsanna dumpáilte má ligtear do na bearta dul in éag.

4.2. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(93) Bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga, bhí margadh an Aontais le haghaidh rothair leictreacha fós tarraingteach d'onnmhaireoirí de chuid na Síne. Ó rinneadh an t-imscrúdú roimhe seo, tá laghdú tagtha ar allmhairí ón tSín i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta araon. Ó bhí 2020 ann, áfach, nuair a bhí na méideanna allmhairí ón tSín ag an leibhéal is ísle, tháinig méadú suntasach ar allmhairí sa tslí go raibh dhá oiread acu ann nach mór d'ainneoin na mbeart a bhí i bhfeidhm (féach tábla 3 thíos). An sciar den mhargadh a bhí ag an tSín roimhe seo, tá páirt de glactha ag tríú tíortha eile, amhail an Téaváin, ar tír í a mhéadaigh a méid onnmhairí chuig an Aontas i gcás an táirge faoi athbhreithniú ó rinneadh an t-imscrúdú roimhe seo. An tráth céanna, ba é an tSín an tríú honnmhaireoir ba mhó i gcás allmhairí rothar leictreach chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríonn sé sin gur margadh tarraingteach fós é an tAontas d'onnmhaireoirí ón tSín.

(94) Tá margadh an Aontais le haghaidh rothair leictreacha ar cheann de na margaí is mó sa domhan, agus bhain tomhaltas 4 979 000 tona leis le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ina theannta sin, mar a mhínítear san iarraidh ar athbhreithniú, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar rothair leictreacha sna blianta amach romhainn mar gheall ar bheartais chomhshaoil an Aontais (i measc nithe eile). Léirigh an fhianaise a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú éaga ([56]) agus lenar thacaigh na torthaí san imscrúdú seo (féach aithris 147) go raibh táirgeoirí de chuid na Síne ag tairiscint rothair leictreacha ar phraghsanna an-íseal (idir EUR 210 agus EUR 650) don Aontas agus do thríú tíortha araon le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(95) Fiú agus na bearta i bhfeidhm, lean na honnmhairí ón tSín chuig an Aontas agus tháinig méadú orthu fiú sa tréimhse faoi bhreathnú sa tslí gur bhain siad sciar margaidh 4,4 % amach i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a léirigh go bhfuil margadh an Aontais fós tarraingteach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne.

(96) Dá bhrí sin, bunaithe ar an ró-acmhainneacht mhór sa tSín agus tarraingteacht mhargadh an Aontais, mheas an Coimisiún sa deireadh, má ligtear do na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair dul in éag, gur dócha go ndéanfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a n-onnmhairí a atreorú chuig an Aontas i gcainníochtaí móra ar phraghsanna dumpáilte.

4.2.1. *Conclúid*

(97) I bhfianaise a thorthaí maidir le leanúint na dumpála le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus ar an dóchúlacht go rachaidh na hallmhairí i méid má théann na bearta in éag, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, gur mhór an dóchúlacht go leanfar den dumpáil má ligtear do na bearta ar allmhairí ón tSín dul in éag.

([53]) De réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir ar fáil bunaithe ar a eolas ar an margadh, faisnéis ó shuíomhanna gréasáin de chuid líon mór táirgeoirí rothar leictreach sa tSín agus an '*White Paper on China's Two-Wheeled Electric Vehicle Industry*' [An Páipéar Bán ar Thionscal Feithiclí Leictreacha Dhá Roth na Síne], atá ar fáil ag https://m.thepaper.cn/baijiahao_17589803 (a breathnaíodh go deireanach an 7 Deireadh Fómhair 2024). Féach Iarscríbhinn 8 den iarraidh ar athbhreithniú, atá le fáil in Tron.tdi t24.000754.

([54]) Bunaithe ar eolas an iarratasóra ar an margadh agus ar shuíomhanna gréasáin na dtáirgeoirí rothar leictreach aitheanta de chuid na Síne a cuireadh ar fáil in Iarscríbhinn 4 den iarraidh ar athbhreithniú, atá le fáil in Tron ag Tron.tdi t24.000754.

([55]) Bunaithe ar na foinsí a luaitear i bhfonóta 55 agus i bhfonóta 57. Féach Iarscríbhinní 8 agus 9 den iarraidh ar athbhreithniú, atá le fáil in Tron.tdi t24.000754.

([56]) Féach roinn 7.3 agus Iarscríbhinní 15, 17 agus 18 den iarraidh ar athbhreithniú, atá le fáil in Tron.tdi t24.000754. Is éard a bhí san fhianaise 19 dtairiscint ar phraghsanna ó tháirgeoirí Síneacha le haghaidh cineálacha éagsúla rothar leictreach, agus faisnéis staidrimh ó Eurostat.

5. **DÍOBHÁIL**

5.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(98) Rinne 67 dtáirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(99) Suíodh gur thart ar 4 560 000 píosa a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bunaíodh an uimhir sin ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail Tuarascáil agus Próifíl Mhargaidh Thionscal Rothar na hEorpa, agus staidéar eacnamaíoch a rinne Cónaidhm Thionscal Rothar na hEorpa ('CONEBI'). Mar a léirítear in aithris (11), roghnaíodh trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla, táirgeoirí a dhéanann tuairim agus 23,4 % de tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas.

5.2. **Tomhaltas an Aontais**

(100) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn staitisticí allmhairiúcháin Eurostat agus mhéid díolachán thionscal an Aontais san Aontas, mar a chuir CONEBI isteach.

(101) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (píosaí)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Iomlán an Aontais Tomhaltas (píosaí)	4 377 000	4 892 000	5 325 000	4 979 000
Innéacs	*100*	*112*	*122*	*114*

Foinse: Eurostat agus CONBEI.

(102) Tháinig méadú ar thomhaltas iomlán rothar leictreach san Aontas ó thart ar 4,3 milliún rothar leictreach in 2020 go 5,3 milliún rothar leictreach in 2022. Mar thoradh ar fheabhsaithe dearaidh agus feidhmíochta, mar aon le feasacht níos fearr ar an gcomhshaol i measc shaoránaigh an Aontais, tá méadú leanúnach tagtha ar thomhaltas rothar leictreach. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, tháinig laghdú 346 000 píosa ar thomhaltas rothar leictreach san Aontas i gcomparáid le 2022 tar éis laghdú ar an éileamh a tharla roinnt ama tar éis deireadh a chur leis na bearta COVID-19 deireanacha sa chéad leath de 2022.

5.3. **Allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne**

5.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tSín*

(103) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat.

(104) Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ansin trí chomparáid a dhéanamh idir na méideanna allmhairí agus tomhaltas an Aontais mar a léirítear i dTábla 2.

(105) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontais ón tSín:

Tábla 3

An méid allmhairí (píosaí) agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid allmhairí ón tSín (tonaí)	102 757	210 806	268 148	220 914
Innéacs	*100*	*205*	*261*	*215*
Sciar den mhargadh	2,3 %	4,3 %	5,0 %	4,4 %
Innéacs	*100*	*184*	*214*	*189*

Foinse: Eurostat agus CONBEI.

(106) Fiú agus na bearta i bhfeidhm, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí Síneacha ó 2,3 % in 2020 go 4,4 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tSín agus sladghearradh praghais*

(107) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat.

(108) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tSín:

Tábla 4

Praghsanna allmhairí (EUR/ píosa)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Daon-Phoblacht na Síne	294	354	449	298
Innéacs	*100*	*120*	*153*	*101*

Foinse: Eurostat.

(109) Lean meánphraghsanna na n-allmhairí ón tSín de bheith an-íseal le linn na tréimhse faoi bhreathnú. In 2020 agus 2021, bhí na praghsanna a thuairiscigh Eurostat níos ísle fós ná na meánphraghsanna a fuarthas san imscrúdú tosaigh (i.e. idir EUR 422 agus EUR 477).

(110) De réir shonraí Eurostat, bhí praghsanna in 2022 níos airde go sealadach, ach fós níos ísle ná praghsanna allmhairiúcháin na Síne in 2016 (i.e. EUR 477).

(111) Toisc nach raibh aon chomhoibriú ann ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín, rinne an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a chinneadh trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(1) meánphraghsanna díola ualaithe an táirge faoi athbhreithniú de chuid na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(2) meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha an táirge faoi athbhreithniú ón tSín chuig margadh an Aontais, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), lena n-áirítear an dleacht frithdhumpála (gach cuideachta eile 62,1 %) agus an dleacht frithchúitimh (gach cuideachta eile 17,2 %), le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim (6 %) agus ar chostais iar-allmhairiúcháin (2 %).

(112) Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Idir 68 % agus 80 % a sa sladghearradh praghais. Gan na dleachtanna, ba é 82,8 % an sladghearradh praghais.

5.3.3. *Allmhairí ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne*

(113) Ba ón Téaváin agus ó Vítneam go príomha a tháinig allmhairí rothar leictreach ó thríú tíortha seachas ón tSín.

(114) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid (comhiomlánaithe) na n-allmhairí isteach san Aontas agus ar an sciar den mhargadh agus ar threochtaí praghsanna i gcás allmhairí rothar leictreach ó thríú tíortha eile:

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
an Téaváin	Méid (píosaí)	506 822	539 473	598 920	435 315
	Innéacs	*100*	*106*	*118*	*86*
	Sciar den mhargadh	11,6 %	11,0 %	11,2 %	8,7 %
	Meánphraghas (EUR/píosa)	1 092	1 046	1 168	1 393
	Innéacs	*100*	*96*	*107*	*128*
Vítneam	Méid (píosaí)	162 787	173 204	210 321	199 070
	Innéacs	*100*	*106*	*129*	*122*
	Sciar den mhargadh	3,7 %	3,5 %	3,9 %	4,0 %
	Meánphraghas (EUR/píosa)	542	585	762	790
	Innéacs	*100*	*108*	*140*	*146*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Méid (píosaí)	827 640	960 338	1 081 033	812 356
	Innéacs	*100*	*116*	*131*	*98*
	Sciar den mhargadh	18,9 %	19,6 %	20,3 %	16,3 %
	Meánphraghas (EUR/píosa)	966	935	1 082	1 258
	Innéacs	*100*	*97*	*112*	*130*

Foinse: Eurostat.

(115) Tháinig méadú idir 2020-2022 ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí iomlána an táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha seachas an tSín agus shroich sé 20,3 % in 2022. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, thit sé go 16,3 %, leibhéal níos ísle ná mar a bhí in 2020.

5.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(116) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(117) Mar a luaitear in aithris (11), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(118) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún measúnú ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na faisnéise a sholáthair CONBEI. Na sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir.

(119) Is mar seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(120) Is mar seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

5.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(121) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid táirgeachta (píosaí)	3 428 000	4 284 000	5 145 000	4 560 000
Innéacs	*100*	*125*	*150*	*133*
An acmhainneacht táirgeachta (píosaí)	5 801 885	7 501 519	7 550 464	7 103 289
Innéacs	*100*	*129*	*130*	*122*
Úsáid acmhainneachta	59 %	57 %	68 %	64 %
Innéacs	*100*	*97*	*115*	*109*

Foinse: CONBEI, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(122) Tháinig méadú seasta ar an acmhainneacht táirgeachta agus ar an táirgeacht san Aontas sa tréimhse ó 2020 go 2022 mar thoradh ar éileamh méadaithe le linn phaindéim COVID-19. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, tháinig laghdú ar mhéideanna táirgeachta agus ar acmhainneachtaí mar gheall ar an méadú méadaithe ar stoc le linn COVID-19, nuair a bhí táirgeoirí an Aontais ag súil le díolacháin leanúnacha ar ardleibhéal brostaithe, rud nár tharla toisc gur tháinig laghdú suntasach ar an éileamh tar éis COVID-19.

5.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(123) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh (píosaí)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais	3 446 603	3 720 856	3 975 819	3 945 730
Innéacs	*100*	*108*	*115*	*114*
Sciar den mhargadh	78,7 %	76,1 %	74,7 %	79,2 %
Innéacs	*100*	*97*	*95*	*101*

Foinse: CONBEI, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(124) Tháinig méadú ar dhíolacháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go háirithe mar gheall ar an éileamh méadaithe le linn phaindéim COVID-19. A luaithe a cuireadh deireadh le bearta COVID-19, áfach, tháinig laghdú ar an éileamh ar rothair leictreacha, rud a d'fhág go raibh figiúirí díolacháin níos ísle ann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thairis sin, bhí tionchar ag an staid eacnamaíoch in 2022 agus ag tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (costais fuinnimh níos airde, boilsciú, go háirithe) ní hamháin ar thionscal an Aontais ach ar thomhaltóirí freisin, go háirithe iad siúd a bhfuil cumhacht cheannaigh níos lú acu. Dá bhrí sin, níor tháinig aon mhéadú ar dhíolacháin thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2022, agus tháinig méadú 4,5 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais.

5.4.2.3. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(125) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An líon fostaithe	8 354	10 972	12 125	10 716
Innéacs	*100*	*131*	*145*	*128*
Táirgiúlacht (píosaí/fostaí)	410	390	424	426
Innéacs	*100*	*95*	*103*	*104*

Foinse: CONBEI, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(126) Tháinig méadú 28 % ar an leibhéal fostaíochta i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an chuid is mó den mhéadú sin idir 2020 agus 2022 mar thoradh ar an éileamh méadaithe le linn phaindéim COVID-19. In 2023 tháinig laghdú ar an líon fostaithe mar gheall ar an laghdú ar mhéideanna táirgeachta. D'fhan acmhainneacht táirgeachta measartha cobhsaí i rith na tréimhse faoi bhreathnú.

5.4.2.4. Fás

(127) Ós rud é gur fhan díolacháin cobhsaí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2022, cé gur tháinig laghdú ar thomhaltas, d'éirigh le tionscal an Aontais a sciar den mhargadh a mhéadú 4,5 % sa tréimhse sin.

5.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(128) Bhí leibhéal na n-allmhairí ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe an-teoranta, agus bhí 4,4 % de thomhaltas an Aontais i gceist leo. Dá bhrí sin, bhí an tionchar a bhí ag méid na dumpála ar thionscal an Aontais measartha teoranta.

5.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

5.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(129) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/píosa)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánphraghas díola aonaid san Aontas	1 533	1 633	1 719	1 871
Innéacs	*100*	*107*	*112*	*122*
Costas an táirgthe in aghaidh an aonaid	1 419	1 516	1 589	1 786
Innéacs	*100*	*107*	*112*	*126*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(130) Tháinig méadú ar na meánphraghsanna díola a bhí ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, chomh maith leis na costais táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a léirigh go príomha in 2020 agus 2021 an t-athrú ar an meascán táirgí agus ar an dul chun cinn teicneolaíoch i mótair agus ceallraí rothar leictreach, ach in 2022 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, léirigh an méadú sin freisin costais táirgthe mhéadaithe mar gheall ar an staid eacnamaíoch ghinearálta ar bhain boilsciú agus costais fuinnimh níos airde léi.

5.4.3.2. Costais saothair

(131) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	28 793	31 722	32 122	35 447
Innéacs	*100*	*110*	*112*	*123*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(132) Cé go raibh laghdú ar an líon fostaithe i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2022 tar éis laghdú ar an éileamh, tháinig méadú leanúnach ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí sa tréimhse faoi bhreathnú.

5.4.3.3. Fardail

(133) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Fardail

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh (píosaí)	37 309	30 236	77 734	198 958
Innéacs	*100*	*81*	*208*	*533*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(134) Tharla na méaduithe sna fardail mar gheall ar an méadú méadaithe ar stoc le linn COVID-19 nuair a bhí méadú suntasach ar an éileamh, mar aon le fadhbanna sa slabhra soláthair toisc go raibh táirgeoirí an Aontais ag ró-ordú amhábhar agus comhpháirteanna chun riachtanais táirgthe a chomhlíonadh. A luaithe a réitíodh na fadhbanna sa slabhra soláthair, áfach, fuair táirgeoirí de chuid an Aontais níos mó amhábhar agus comhpháirteanna ná mar ba ghá. Ina dhiaidh sin, tháinig laghdú ar an éileamh ar rothair leictreacha le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i gcomparáid le 2022, rud a d'fhág go raibh líon an-ard fardal ag táirgeoirí an Aontais ag deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(135) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	7,5 %	7,4 %	7,8 %	5,4 %
Innéacs	*100*	*98*	*104*	*72*
Sreabhadh airgid (EUR)	145 777 915	96 187 869	68 459 937	- 86 504 717
Innéacs	*100*	*66*	*47*	*- 59*
Infheistíochtaí (EUR)	5 545 607	12 373 944	11 588 325	5 781 801

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Innéacs	*100*	*223*	*209*	*104*
Toradh ar infheistíochtaí	147 %	127 %	163 %	111 %
Innéacs	*100*	*86*	*111*	*75*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(136) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bhí na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais fós brabúsach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, thit an bhrabúsacht mar gheall ar chostais mhéadaithe.

(137) Ós rud é go raibh an bhrabúsacht cobhsaí ar an iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú bhí tionscal an Aontais in ann infheistíochtaí móra a dhéanamh.

(138) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Tháinig laghdú suntasach ar an sreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus d'éirigh sé diúltach in 2023. Chuaigh an toradh ar infheistíochtaí in olcas, rud a d'fhág gur dheacair do thionscal an Aontais caipiteal a chruinniú agus fás. Dá thoradh sin, tháinig laghdú 50 % ar infheistíochtaí i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2022.

5.5. **Conclúid maidir le díobháil**

(139) Tháinig méadú seasta ar tháscairí eile amhail acmhainneacht, díolacháin agus fostaíocht san Aontas sa tréimhse ó 2020 go 2022 mar thoradh ar an éileamh méadaithe le linn phaindéim COVID-19. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, tháinig laghdú ar mhéideanna táirgeachta, acmhainneachtaí, díolacháin agus fostaíocht, mar gheall ar mhéadú méadaithe ar stoc le linn phaindéim COVID-19, agus ina dhiaidh sin tháinig laghdú ar an éileamh mar thoradh ar dheireadh a chur le bearta COVID-19 agus ar an athrú ar an staid eacnamaíoch san Aontas, a bhain costais arda fuinnimh agus boilsciú leis go háirithe.

(140) Maidir leis na táscairí micreacnamaíocha, suíodh san imscrúdú gur fhan brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais sa tréimhse ó 2020 go 2022 os cionn 7 %. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, thit brabúsacht thionscal an Aontais go 5,4 %. Tháinig laghdú ar an sreabhadh airgid ó 2020 go 2022 agus d'éirigh sé diúltach in 2023. Chuaigh an toradh ar infheistíochtaí in olcas, rud a d'fhág gur dheacair do thionscal an Aontais caipiteal a chruinniú agus fás.

(141) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna tionscal an Aontais téarnamh ó dhíobháil ábhartha a bhí ann roimhe de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán, díobháil arbh iad allmhairí fóirdheonaithe ón tSín ba chúis léi. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, áfach, tháinig meath ar roinnt táscairí díobhála, agus bhí tionscal an Aontais i staid a bhí leochaileach ó thaobh an gheilleagair de arís. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún tuilleadh scrúdaithe ar an dóchúlacht go ndéanfar an díobháil an athuair, an díobháil arbh iad na hallmhairí dumpála ba chúis léi, má dhéanfar na bearta a aisghairm.

6. **AN DÓCHÚLACHT GO nDÉANFAR AN DÍOBHÁIL AN ATHUAIR**

(142) Rinne an Coimisiún anailís ar na heilimintí seo a leanas chun an dóchúlacht go ndéanfar díobháil arís a shuí, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, an gaol idir praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas, agus an tionchar a bheadh ag allmhairí féideartha agus leibhéil phraghais na n-allmhairí sin ó na tíortha sin ar mhargadh an Aontais.

6.1. **Acmhainneacht bhreise sa tSín agus tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(143) Mar a thugtar tuairisc air agus mar a shonraítear cheana i roinn 3.10.1 thuas, tá acmhainneachtaí breise móra ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín, acmhainneachtaí a d'fhéadfaí a úsáid chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh lena onnmhairiú chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul in éag. 73 mhilliún píosa a d'fhéadfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha a onnmhairiú, méid atá go mór os cionn mhéid mhargadh an Aontais.

(144) Mar a thugtar tuairisc air agus mar a shonraítear i roinn 3.10.2 thuas, tá margadh rothar leictreach an Aontais ar cheann de na margaí is mó ar domhan agus meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar rothair leictreacha sna blianta amach romhainn mar gheall ar bheartais chomhshaoil san Aontas, i measc cúiseanna eile. D'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig a bpríomh-thríú margaí ar phraghsanna a bhí go mór faoi bhun mheánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais i margadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh onnmhairiú chuig an Aontas a bheith i bhfad níos tarraingtí d'onnmhaireoirí na Síne. Dá dheasca sin, is féidir coinne a bheith ann go réasúnta, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm, go dtosódh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ar mhéideanna arda an táirge faoi athbhreithniú a onnmhairiú chuig an Aontas.

6.2. **Praghsanna allmhairiúcháin dóchúla na Síne agus an tionchar ar thionscal an Aontais**

(145) Chun a shuí conas a dhéanfadh na hallmhairí ón tSín difear do thionscal an Aontais dá ndéanfaí na bearta a fhoirceannadh, rinne an Coimisiún anailís chomparáideach ar phraghsanna i gcás nach mbeadh bearta frithdhumpála ann.

(146) Chun meastachán a dhéanamh ar an bpraghas dóchúil ar a ndíolfadh táirgeoirí na Síne agus iad ag onnmhairiú chuig margadh an Aontais, rinne an Coimisiún comparáid praghais idir meánphraghas tháirgeoirí sampláilte an Aontais (díreach ón monarcha) agus meánphraghas comhfhreagrach an táirge faoi athbhreithniú ón tSín nuair a onnmhairítear é chuig tríú tíortha amhail an Ríocht Aontaithe, an Tuirc, an Iorua nó an tSeirbia, a bhfuil cóid ar leithligh acu le haghaidh rothair leictreacha agus nach bhfuil aon bheart i bhfeidhm ina leith.

(147) Léirigh toradh na comparáide gur idir EUR 210 agus EUR 650 a bhí i meánphraghas onnmhairí Síneacha an táirge lena mbaineann chuig na tíortha thuasluaite, i.e. praghas atá i bhfad níos ísle ná praghas thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, má ligtear do na bearta dul in éag, is dócha go dtiocfaidh allmhairí ón tSín isteach sa mhargadh i méideanna móra, mar a rinneadh i dtréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaithe, agus ar phraghsanna ísle, rud a dhéanfadh díobháil.

(148) I bhfianaise a bhfuil thuas, is é conclúid an Choimisiún gur mór an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte on tSín ar phraghsanna díobhálacha má dhéantar na bearta a aisghairm. Dá thoradh sin, bheadh inmharthanacht thionscal an Aontais i mbaol mór.

7. **LEAS AN AONTAIS**

(149) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(150) Léirigh an t-imscrúdú go mbeidh tionchar diúltach ar thionscal an Aontais má théann na bearta in éag. Leis na bearta sin, athbhunaíodh cothrom iomaíochta ar mhargadh an Aontais. Thug sé sin deis do chuideachtaí nua dul isteach sa mhargadh, go háirithe sna deighleoga iontrála agus sna deighleoga meánraoin. Tháinig méadú beagnach faoi dhó ar líon na dtáirgeoirí rothar leictreach aitheanta de chuid an Aontais ó thart ar 37 in 2020 go 67 in 2023, d'ainneoin na ndúshlán a d'eascair as an staid eacnamaíoch in 2022-2023. Tháinig méadú níos mó ná 1 mhilliún ar líon na rothar leictreach a táirgeadh san Aontas idir 2020 (3,4 milliún) agus 2023 (4,5 milliún) agus tuartar go dtiocfaidh méadú breise fós air. Tháinig méadú ar líon na bhfostaithe díreacha ó thart ar 3 500 le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh go beagnach 11 000 le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(151) Má chuirtear deireadh leis na bearta frithdhumpála, chuirfear táirgeoirí de chuid an Aontais i mbaol, go háirithe iad siúd a fhreastalaíonn ar dheighleoga na rothar leictreach ar leibhéal iontrála agus meánraoin, lena n-áirítear roinnt mhaith táirgeoirí níos lú ar fud thionscal an Aontais.

(152) Is é is cúis leis an staid leochaileach gur gnó dianchaipitil é táirgeadh rothar leictreach, toisc go bhfuil stoic shubstaintiúla de pháirteanna rothar ag teastáil i gcónaí chun an táirgeadh a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, tá infheistíochtaí móra déanta ag táirgeoirí an Aontais i dtáirgeadh inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol agus i bhfeabhsuithe ar tháirgí le blianta beaga anuas. Má chuirtear deireadh leis na bearta frithdhumpála, chuirfear bac ar shaineolas innealtóireachta praiticiúla a fhorbairt chun ardteicneolaíochtaí deiridh a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear uathoibriú agus nua-ábhair.

(153) Ina theannta sin, de réir na hiarrata ar athbhreithniú, tá tionscal rothar leictreach an Aontais ar cheann de na tionscail ghlasa is mó, agus sholáthair níos mó ná 1 000 fiontar beag agus meánmhéide ('FBManna') thart ar 80 000 post de réir Thuarascáil & Phróifíl Mhargaidh Thionscal Rothar na hEorpa 2024. Áirítear leis sin poist táirgthe dhíreacha agus indíreacha agus poist i dtionscail réamhtheachtacha, gabhálais rothar, déileálacha rothar, etc.

(154) Ar bhonn a bhfuil thuas, is chun leasa an Aontais é síneadh a chur leis na bearta.

7.2. **Leas na gcóimeálaithe**

(155) Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na húsáideoirí agus na hallmhaireoirí aitheanta neamhchomhlachaithe uile.

(156) Tar éis an tionscnaimh, ba é Grúpa ad hoc an t-aon pháirtí a tháinig chun cinn agus a thug barúlacha, thar ceann 8 gcuideachta bheaga san Aontas a chóimeálann páirteanna rothar leictreach arna n-allmhairiú ón tSín agus ó thríú tíortha eile. Bhain a bpríomhbharúil le cur chun feidhme na mbeart i gcoinne allmhairiú (gnáth)p(h)áirteanna rothar ón tSín, rud a chruthaíonn éiginnteacht faoi na rialacha dlíthiúla maidir le hallmhairiú comhpháirteanna rothar leictreach agus, dá bhrí sin, a fhágann go bhfuil sé deacair páirteanna de rothair leictreacha, nach bhfuil faoi réir beart, a allmhairiú. Chuir an grúpa i gcoinne síneadh a chur leis na bearta, go príomha mar gheall ar na fadhbanna atá ann faoi láthair maidir le hallmhairí comhpháirteanna, mar aon leis an riosca go leathnófaí na bearta chun na comhpháirteanna rothar leictreach sin a chumhdach, agus d'áitigh sé go mbeadh sé níos éifeachtúla faireachas margaidh a úsáid chun grinnscrúdú a dhéanamh ar chomhlíontacht allmhairí ón tSín leis na rialacháin ábhartha uile chun aghaidh a thabhairt ar allmhairí rothar leictreach a thrádáiltear go héagórach ón tSín, ar rothair iad a bhíonn neamhdhleathach agus neamhshábháilte go minic.

(157) Mheas an Coimisiún áfach nach bhfuil sé réalaíoch go bhféadfaí díobháil ó allmhairí rothar leictreach dumpáilte ón tSín a chosc le faireachas margaidh agus bearta rialála amháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le fadhbanna forfheidhmithe custaim i ndáil le hallmhairiú comhpháirteanna rothar leictreach údar a thabhairt le foirceannadh na mbeart, a bhfuil an éifeacht bheartaithe bainte amach acu. Ar aon chuma, ní thagann forfheidhmiú na mbeart faoi raon feidhme an imscrúdaithe.

(158) Tar éis an nochta, d'athdhearbhaigh an Grúpa *ad hoc* na maímh chéanna. D'áitigh an Grúpa gur cheart don Choimisiún díriú ar fhaireachas margaidh a neartú seachas bearta cosanta trádála a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na saobh margaidh agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú do na páirtithe leasmhara uile. De réir an Ghrúpa *ad hoc*, cruthaítear creat rialála de thaisme de bharr bearta cosanta trádála, creat rialála lena gcothaítear allmhairí rothar fo-chaighdeánaithe neamhshábháilte agus, ag an am céanna, cuirtear isteach ar bheatha monaróirí rothar leictreach ardcháilíochta ó Dhaon-Phoblacht na Síne a bhfuil uaillmhianta fadtéarmacha acu i leith mhargadh an Aontais.

(159) Mheas an Coimisiún gur tugadh aghaidh cheana in aithris (156) ar na hargóintí a d'ardaigh an Grúpa *ad hoc*. Ós rud é nár cuireadh aon bharúlacha nua substainteacha i láthair i leith na gcúrsaí sin, deimhníodh an chonclúid in aithris (157).

(160) D'áitigh an Grúpa *ad hoc* freisin nach dtiocfadh méadú mór ar allmhairí díobhálacha as aisghairm na mbeart cosanta trádála toisc, de réir an Ghrúpa, nach raibh bonn leis an maíomh gur mór an bhagairt iad allmhairí na Síne mar nach raibh ach sciar margaidh beag 4,4 % acu le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(161) Mheas an Coimisiún gur tháinig an méadú ar an sciar margaidh go 4.4 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nuair a bhí bearta cosanta trádála i bhfeidhm. Mar gheall ar na bearta cosanta trádála, ní bhfuair allmhairí na Síne ach 2,1 pointe céatadáin breise den sciar margaidh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ós rud é go bhfuil margadh an Aontais chomh tarraingteach sin agus i bhfianaise na hacmhainneachta táirgeachta agus na hacmhainneachta breise i nDaon-Phoblacht na Síne agus an naisc idir na praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurb amhlaidh má bhíothas le bearta a aisghairm go dtiocfaidh méadú mór ar na hallmhairithe ó Dhaon-Phoblacht na Síne a dhumpáiltear ar phraghsanna díobhálacha. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(162) Thairis sin, mhaígh an Grúpa go raibh an Coimisiún ag brath ar fhaisnéis neamhfhíoraithe agus ar mhaíomh neamhfhíoraithe, rud a chuir isteach ar neamhchlaontacht an imscrúdaithe, go háirithe an fhaisnéis agus na maímh a tháinig ón iarratasóir.

(163) Mar a luadh in aithrisí (31) agus (32) chuir an Coimisiún i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán a bhain leis na torthaí maidir dumpáil agus dochar a bheith ag leanúint ar aghaidh nó iad a tharlú arís mar nár chomhoibrigh na honnmhaireoirí/táirgeoirí ó Dhaon-Phoblacht na Síne leis an imscrúdú in aon chor. Dá bhrí sin bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe an fhaisnéis a cuireadh isteach leis an iarraidh ar an athbhreithniú éaga, agus an fhaisnéis a fuarthas ó pháirtithe comhoibríocha le linn imscrúdú an athbhreithnithe (mar atá, an t-iarratasóir agus táirgeoirí sampláilte an Aontais). Rinneadh an fhaisnéis uile a chuir na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais isteach a fhíorú go críochnúil. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí agus na n-allmhaireoirí neamhchomhlachaithe**

(164) Níor tháinig aon úsáideoir ná allmhaireoir neamhchomhlachaithe chun tosaigh chun comhoibriú san imscrúdú seo trí fhreagra ceistneora a chur isteach, seachas an aighneacht thuasluaite. Ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil don Choimisiún, chinn sé nach raibh aon fhianaise ann a bhréagnaíonn an chonclúid san imscrúdú bunaidh nach bhféadfaí a mheas go raibh na héifeachtaí diúltacha ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe díréireach agus gur maolaíodh iad trí fhoinsí malartacha soláthair a bheith ar fáil. Éifeachtaí dearfacha na mbeart frithchúitimh ar mhargadh an Aontais, go háirithe ar thionscal an Aontais, is mó iad ná an éifeacht dhiúltach a d'fhéadfadh a bheith acu ar na grúpaí leasmhara eile. Go deimhin, deimhníodh san imscrúdú go bhfuil méadú ag teacht ar fhoinse soláthair eile ó thríú tíortha, i dteannta na Síne. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndéanfadh leanúint de na bearta dochar díréireach d'úsáideoirí agus ná d'allmhaireoirí.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(165) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sa deireadh nach raibh aon chúis láidir ann lena chinneadh nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne a choinneáil ar bun.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(166) Ar bhonn na gconclúidí ar ar tháinig an Coimisiún maidir le leanúint na dumpála, atarlú na díobhála agus leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh na Síne a choinneáil ar bun.

(167) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Ní bheidh dleachtanna aonair infheidhme ach i gcás ina gcuirtear sonrasc tráchtála bailí ar fáil d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(168) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun rátaí aonair na dleachta frithdhumpála agus na díolúintí a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(169) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(170) Tá feidhm ag na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na Síne é agus a tháirgtear ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(171) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([57]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(172) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a beartaíodh a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun. Tugadh tréimhse dóibh freisin chun uiríll a dhéanamh tar éis an nochta sin.

(173) Onnmhaireoir nó táirgeoir nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme faoi láthair maidir lena onnmhairí a shocrú, féadfaidh an t-onnmhaireoir nó an táirgeoir sin a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an dleachtráta frithdhumpála é le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) ní dhearna sé an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme maidir lena onnmhairí a shocrú; (ii) níl sé comhlachaithe le cuideachta a rinne amhlaidh agus atá faoi réir na mbeart dá bhrí sin; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann i ndiaidh na tréimhse sin nó chuaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe cainníochtaí nach beag a onnmhairiú.

(174) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([58]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(175) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

([57]) European Commission, Directorate-General for Trade, Directorate G, Rue de la Loi/Westraat 170, 1040 Bruxelles/Brussel, Belgique/BELGIË.

([58]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar, a bhfuil troitheáin chuidithe agus mótar cúnta leictreach orthu, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, atá faoi láthair faoi chóid AC 8711 60 10 agus ex 8711 60 90 (cód TARIC 8711 60 90 10).

2. Is mar a leanas a bheidh an dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Bodo Vehicle Group Co., Ltd.	58,3 %	C382
	Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd;	9,9 %	C383
	Jinhua Vision Industry Co., Ltd agus Yongkang Hulong Electric Vehicle Co., Ltd	10,3 %	C384
	Suzhou Rununion Motivity Co., Ltd	62,1 %	C385
	Yadea Technology Group Co., Ltd	37,4 %	C463
	Cuideachtaí comhoibríocha eile san imscrúdú frithdhumpála bunaidh (cé is moite de na cuideachtaí atá faoi réir an dleachtráta frithchúitimh chomhthreomhair le haghaidh gach cuideachta eile) a liostaítear in Iarscríbhinn I	24,2 %	
	Cuideachtaí comhoibríocha eile san imscrúdú frithdhumpála bunaidh, atá faoi réir an dleachtráta frithchúitimh chomhthreomhair le haghaidh gach cuideachta eile, a liostaítear in Iarscríbhinn II	16,2 %	
	Cuideachtaí nár chomhoibrigh san imscrúdú frithdhumpála bunaidh ach atá ag comhoibriú san imscrúdú frithchúitimh comhthreomhar a liostaítear in Iarscríbhinn III	70,1 %	
	Gach cuideachta eile	62,1 %	C999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge faoi athbhreithniú) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é in [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Go dtí go gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ní dhearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a onnmhairiú le linn na tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 30 Meán Fómhair 2017 ('an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh');

(b) nach bhfuil sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo, agus a chomhoibrigh nó a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú arb é is cúis leis an dleacht; agus

(c) gur onnmhairigh sé iarbhír an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht an Síne nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air cainníocht nach beag a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh.

5. I gcás ina ndéanfar na dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha arna bhforchur le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/114 ([59]) ón gCoimisiún a mhodhnú nó i gcás ina gcuirfear deireadh leo, méadófar na dleachtanna a shonraítear i mír 2 de réir an chion chéanna agus é sin teoranta don chorrlach dumpála iarbhír a suíodh nó don chorrlach díobhála iarbhír a suíodh, de réir mar is iomchuí le haghaidh na cuideachta agus ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

I gcásanna inar baineadh an dleacht frithchúitimh ón dleacht frithdhumpála le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe, cuirfear tús freisin le hiarrataí aisíocaíochta faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2016/1037 chun measúnú a dhéanamh ar an gcorrlach dumpála don táirgeoir onnmhairiúcháin sin atá i réim le linn thréimhse imscrúdúcháin na haisíocaíochta. Ní bheidh an méid a aisíocfar leis an iarratasóir mar aisíocaíocht níos mó ná an difríocht idir an dleacht a bailíodh agus an dleacht frithchúitimh agus frithdhumpála le chéile a suíodh san imscrúdú aisíocaíochta.

6. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([59]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/120 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/114, 24.1.2025, ELI http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/114/oj).

IARSCRÍBHINN I

Ainm	Cúige	Cód breise TARIC
Acetrikes Bicycles (Taicang) Co., Ltd.	Jiangsu	C386
Active Cycles Co., Ltd.	Jiangsu	C387
Aigeni Technology Co., Ltd.	Jiangsu	C388
Alco Electronics (Dongguan) Limited	Guangdong	C390
Changzhou Airwheel Technology Co., Ltd.	Jiangsu	C392
Changzhou Bisek Cycle Co., Ltd.	Jiangsu	C393
Changzhou Fujiang Vehicle Co. Ltd	Jiangsu	C484
Changzhou Rich Vehicle Technology Co., Ltd	Jiangsu	C395
Changzhou Sobowo Vehicle Co., Ltd.	Jiangsu	C397
Changzhou Steamoon Intelligent Technology Co., Ltd.	Jiangsu	C398
Cycleman E-Vehicle Co., Ltd.	Jiangsu	C400
Dongguan Benling Vehicle Technology Co., Ltd.	Guangdong	C401
Dongguan Honglin Industrial Co., Ltd, Melton Industrial (Dong Guan) Co., Ltd	Guangdong	C402
Easy Electricity Technology Co., Ltd.	Tianjin	C451
Enjoycare Technology (Zhejiang) Co., Ltd.	Zhejiang	C419
Foshan Lano Bike Co., Ltd.	Guangdong	C405
Foshan Zenith Sports Co., Ltd.	Guangdong	C406
Guangzhou Symbol Bicycle Co., Ltd.	Guangdong	C410
Hangzhou Fanzhou Technology Co., Ltd.	Zhejiang	C411
Jiangsu Imi Electric Vehicle Technology Co., Ltd.	Jiangsu	C415
Jiangsu Lvneng Electrical Bicycle Technology Co., Ltd.	Jiangsu	C416
Jiangsu Stareyes Bicycle Industrial Co., Ltd.	Jiangsu	C417
Jiaxing Onway Ev Tech Co., Ltd.	Zhejiang	C418
Jinhua Feirui Vehicle Co., Ltd.	Zhejiang	C420
Jinhua Jobo Technology Co., Ltd.	Zhejiang	C421
Jinhua Lvbao Vehicles Co. Ltd	Zhejiang	C486
Jinhua Suntide Vehicle Co., Ltd.	Zhejiang	C422
Jinhua Zodin E-Vehicle Co., Ltd.	Zhejiang	C424
Kenstone Metal (Kunshan) Co., Ltd.	Jiangsu	C425
Komda Industrial (Dongguan) Co., Ltd.	Guangdong	C426
Kunshan Sevenone Cycle Co., Ltd.	Jiangsu	C427
Nantong Tianyuan Automatic Vehicle Co., Ltd.	Jiangsu	C429
Ningbo Bestar Co., Ltd.	Zhejiang	C430
Ningbo Lvkang Vehicle Co., Ltd.	Zhejiang	C431
Ningbo Nanyang Vehicle Co., Ltd.	Zhejiang	C432
Ningbo Oner Bike Co., Ltd.	Zhejiang	C433

Ainm	Cúige	Cód breise TARIC
Ningbo Roadsan New Energy Technology Co., Ltd.	Zhejiang	C435
Ningbo Zixin Bicycle Industry Co., Ltd.	Zhejiang	C437
Pronordic E-Bikes Limited Company	Jiangsu	C438
Shenzhen Shenling Car Co., Ltd.	Guangdong	C442
Sino Lithium (Suzhou) Electric Technology Co., Ltd.	Jiangsu	C443
Skyland Sport Tech Co., Ltd.	Tianjin	C444
Suzhou Guoxin Group Fengyuan Imp & Exp. Co., Ltd.	Jiangsu	C446
Suzhou Leisger Vehicle Co. Ltd	Jiangsu	C487
Tianjin Luodeshengda Bicycle Co., Ltd.	Tianjin	C449
Tianjin Upland Bicycle Co., Ltd.	Tianjin	C450
Ubchoice Co., Ltd.	Guangdong	C452
Wettsen Corporation	Shandong	C454
Wuxi Shengda Bicycle Co., Ltd. agus Wuxi Shengda Vehicle Technology Co.,Ltd	Jiangsu	C458
Wuxi United Mobility Technology Inc	Jiangsu	C459
Xiangjin (Tianjin) Cycle Co., Ltd.	Tianjin	C462
Yong Qi (China) Bicycle Industrial Corp	Jiangsu	C464
Yongkang Juxiang Vehicle Co, Ltd.	Zhejiang	C466
Yongkang Lohas Vehicle Co., Ltd.	Zhejiang	C467
Yongkang Mars Vehicle Co., Ltd.	Zhejiang	C468
Zhejiang Apollo Motorcycle Manufacturer Co., Ltd.	Zhejiang	C469
Zhejiang Baoguilai Vehicle Co., Ltd.	Zhejiang	C470
Zhejiang Goccia Electric Technology Co., Ltd.	Zhejiang	C472
Zhejiang Hangpai Electric Vehicle Co. Ltd	Zhejiang	C488
Zhejiang Jsl Vehicle Co., Ltd.	Zhejiang	C473
Zhejiang Kaiyi New Material Technology Co., Ltd.	Zhejiang	C474
Zhejiang Lianmei Industrial Co., Ltd.	Zhejiang	C475
Zhejiang Tuer Vehicle Industry Co., Ltd.	Zhejiang	C477
Zhejiang Xingyue Electric Vehicle Co., Ltd. Zhejiang Xingyue Overfly Electric Vehicle Co., Ltd., agus Zhejiang Xingyue Vehicle Co., Ltd.,	Zhejiang	C478
Zhongxin Power (Tianjin) Bicycle Co., Ltd.	Tianjin	C480

IARSCRÍBHINN II

Ainm	Cúige	Cód breise TARIC
Aima Technology Group Co., Ltd.	Tianjin	C389
Beijing Tsinova Technology Co., Ltd.	Béising	C391
Changzhou Hj Pedal Co., Ltd.	Jiangsu	C394
Changzhou Merry Ebike Co., Ltd.	Jiangsu	C456
Changzhou Ristar Cycle Co., Ltd	Jiangsu	C396
Cutting Edge Power Vehicle Int'l TJ Co., Ltd.	Tianjin	C399
Eco International Elebike Co., Ltd.	Jiangsu	C403
Everestt International Industries Ltd.	Jiangsu	C404
Geoby Advance Technology Co., Ltd.	Jiangsu	C407
Guangdong Commercial Trading Imp. & Exp. Corp., Ltd.	Guangdong	C408
Guangdong Shunde Junhao Technology Development Co., Ltd.	Guangdong	C409
Hangzhou Morakot E-Bike Manufacture Co., Ltd.	Zhejiang	C412
Hangzhou TOP Mechanical And Electrical Technology, Co. Ltd.	Zhejiang	C413
Hua Chin Bicycle & Fitness (H.Z.) Co., Ltd.	Guangdong	C414
Jinhua Yifei Electric Science And Technology Co., Ltd.	Zhejiang	C423
Nanjing Jincheng Machinery Co., Ltd.	Jiangsu	C428
Ningbo Pugonying Vehicle Technology Co., Ltd.	Zhejiang	C434
Ningbo Shenchima Vehicle Industry Co., Ltd.	Zhejiang	C436
Shandong Eco Friendly Technology Co., Ltd.	Shandong	C439
Shanghai Promising Int'l Trade & Logistics Co., Ltd.	Shang-hai	C440
Shenzhen SanDin Cycle Co., Ltd.	Guangdong	C441
Suzhou Dynavolt Intelligent Vehicle Technology Co., Ltd.	Jiangsu	C445
Suzhou Joydeer E-Bicycle Co., Ltd	Jiangsu	C447
Taioku Manufacturing (Jiangsu) Co., Ltd.	Jiangsu	C448
Universal Cycle Corporation (Guang Zhou)	Guangdong	C453
Wuxi Bashan E-Vehicle Co., Ltd.	Jiangsu	C455
Wuxi METUO Vehicle Co., Ltd.	Jiangsu	C457
Wuyi Simino Industry & Trade Co., Ltd.	Zhejiang	C460
Wuyi Yuema Leisure Articles Co., Ltd.	Zhejiang	C461
Yongkang Aijiu Industry & Trade Co., Ltd.	Zhejiang	C465
Zhejiang Enze Vehicle Co., Ltd.	Zhejiang	C471
Zhejiang Luyuan Electric Vehicle Co., Ltd.	Zhejiang	C476
Zhongshan Qiangli Electronics Factory	Guangdong	C479

IARSCRÍBHINN III

Cúige	Tír	Cód breise TARIC
Changzhou Fujiang Vehicle Co. Ltd	Jiangsu	C484
Jinhua Lvbao Vehicles Co. Ltd	Zhejiang	C486
Suzhou Leisger Vehicle Co. Ltd	Jiangsu	C487
Zhejiang Hangpai Electric Vehicle Co. Ltd	Zhejiang	C488